

Stair Ghairid Stáit Aontaithe Mheiriceá - An gaol le Havái

1826 – D'aithin Stáit Aontaithe Mheiriceá Ríocht Havái mar thír cheannasach, neamhspleách.

1893 – Rinne Cabhlach na Stát Aontaithe forghabháil ar Havái ar dhealramh uaidh go raibh sé chun leasa shlándáil na Stát Aontaithe. Chuir Aire na Stáit Aontaithe an brat Mheiriceánach ar Havái agus d'fhógair sé Havái mar go raibh Havái ina chomireas Mheiriceánach. Ansin chaith rialtas na Stát Aontaithe uathu Banríon Havái, Liliuokalani (Léigh agóid na Banríona ag <http://www.kanakamaolipower.org/history.php>).

1898 – Rinne Stáit Aontaithe Mheiriceá nasc-ghabháil “oifigiúil” de Havái, ag seachaint foirmiúlachtaí ar nós conradh nasc-ghabhála, rud a chur siad i gcrích i gcónaí roimhe seo nuair a bhí Louisiana, Florida, Texas, agus críocha eile á nasc-ghabháil acu. Faoin dlí idirnáisiúnta i gcás nach bhfuil conradh nasc-ghabhála ann, is é atá i gceist **nár géilleadh ceannas na tíre nasc-ghafa.**

1959 – D'eagraigh Stáit Aontaithe Mheiriceá pobalbhreith chun iarraidh ar mhuintir Havái an raibh siad ag iarraidh a stádas coimircis a choinneáil nó dul isteach leis na Stáit Aontaithe mar stát. Ar mhaithe le toradh fabharach ba chaoithiúil an rud é gur fhág siad amach an tríú ceist a shainordaíonn Cairt na Náisiún Aontaithe, cibé acu an raibh neamhspleáchas ó mhuintir Havái nó nach raibh. Le cuidiú tuilleadh vótaí ón 10,000 seirbhíseach míleata Meiriceánach ar dualgas in Havái, d'éirigh leo an móramh a fháil le dul isteach leis na Stáit Aontaithe agus an caogadú stát a dhéanamh as Havái.

Inniu – Tá Havái fós ar an gcóilíneacht is áille d'Impireacht Mheiriceá, agus tá Stáit Aontaithe Mheiriceá fós ag coinneáil siar na Hávaíocha a bhfuil neamhspleáchas uathu ...?

Maíonn na Meiriceánaigh é gach lá: "Is muid an náisiún is fearr ar domhan!"

Agus fiú múineann siad dá bpáistí scoile seo a rá sa Ghealltanús Dhílseachta: “...*agus saoirse agus ceart do chách!*”

Is é freagra na Haváíoch: *Ní Meiriceá é Havái, agus ní hamhlaidh riamh!*

Cén bhaint atá aige le tíortha eile a bhfuil neamhspleáchas uathu? Tá go leor cosúlachtaí ann. Tá roinnt tíortha forghafa timpeall an domhain atá ag streacháil le neamhspleáchas a bhaint amach. Tá a scéalta féin acu maidir leis an gcaoi a ndearna na fórsaí forghabhála neamhaird ar na dlíthe idirnáisiúnta nó iad a chasadh chun na daoine a chur faoi chois. Ba mhaith le náisiúnaigh Havái taispeántas buan oideachasúil a bhunú ar Kauai, an t-oileán ceannairceach, agus a scéalta agus a mbratacha a chur i láthair le cuairteoirí ó gach carn den domhan a oiliúint. Ar ndóigh, bheadh an t-ábhar seo ar fáil ar an idirlíon chomh maith agus aistrefar é go leor teangacha eile.